

Buntús Cainte 1

Ceacht 1

it is	tá sé
cold	fuair
wet	fliuch
dry	tirim
dark	dorcha
bright	geal
It is very cold	Tá sé an-fhuair
It is very warm	Tá sé an-te
It is very wet	Tá sé an-fhliuch
It is very dry	Tá sé an-tirim
It is very dark	Tá sé an-dorcha
It is very bright	Tá sé an-geal
It's very cold, but it's dry	Tá sé an-fhuair, ach tá sé tirim
It is dry, thank God	Tá sé tirim, buíochas le Dia

Ceacht 2

weather	an aimsir
fine	go breá
nice	go deas
good	go maith
night	an oíche
morning	an mhaidin

bad	go dona
beautiful	go hálainn
wonderful	go hiontach
The day isn't good	Níl an lá go maith
The weather is bad	Tá an aimsir go dona
The night is fine	Tá an oíche go breá
The night isn't nice	Níl an oíche go deas
The morning isn't good	Níl an mhaidin go maith
now	anois
today	inniu
It's beautiful now, thank God	Tá sé go hálainn anois, buíochas le Dia

Ceacht 3

big	mór
small	beag
old	sean
young	óg
well	go maith
ill, sick	tinn
that	sin
with you	leat
is	is
at all	ar chor ar bith
that's good	is maith sin

He is big, he's not small

He's old, he's not young

He is well, he's not ill

He is very big

He is very small

He is very old

He is very young

He is very good

He is very ill

Sean isn't with you today?

No, he's sick

He's not very ill?

He's not bad now at all

That's good, thank God

Tá sé mór, níl sé beag

Tá sé sean, níl sé óg

Tá sé go maith, níl sé tinn

Tá sé an-mhór

Tá sé an-bheag

Tá sé an-sean

Tá sé an-óg

Tá sé an-mhaith

Tá sé an-tinn

Níl Seán leat inniu?

Níl, tá sé tinn

Níl sé an-tinn?

Níl sé go dona anois ar chor ar bith

Is maith sin, buíochas le Dia

Ceacht 4

I am

I am not

you are

you are not

strong

weak

fat

thin

tá mé

níl mé

tá tú

níl tú

láidir

lag

ramhar

tanaí

clean	glan
dirty	salach
again	arís
very well	go han-mhaith
I am strong, you are weak	Tá mé láidir, tá tú lag
I am not strong, you are not weak	Níl mé láidir, níl tú lag
I am fat, you are thin	Tá mé ramhar, tá tú tanaí
I am not fat, you are not thin	Níl mé ramhar, níl tú tanaí
I am clean, you are dirty	Tá mé glan, tá tú salach
I am not clean, you are not dirty	Níl mé glan, níl tú salach
I am not bad now	Níl mé go dona anois
I'm well today	Tá mé go maith inniu
Am I nice?	An bhfuil mé go deas?
You're beautiful, indeed	Tá tú go hálainn, maise
You're not wet?	Níl tú fliuch?
Good day, Seamas	Dia duit, a Shéamais
Good day to you, Nora	Dia's Muire duit, a Nóra
You're well again?	Tá tú go maith arís?
I am very well now, thank God	Tá mé go han-mhaith anois, buíochas le Dia
It's a bad day. Are you cold?	Tá an lá go dona. An bhfuil tú fuar?
No, indeed, I'm not cold at all	Níl, maise, níl mé fuar ar chor ar bith

Ceacht 5

is? are?

she, it

she is, it is

is she? is it?

she is not

here

there

inside

outside

above

below

Are you there again?

I am here now

He is not inside

He is up there

She is below

He is not out here

in the

in the garden

and

(when addressing) Sean

also

right

right enough

an bhfuil?

sí

tá sí

an bhfuil sí?

níl sí

anseo

ansin

istigh

amuigh

thuas

thíos

An bhfuil tú ansin arís?

Tá mé anseo anois

Níl sé istigh

Tá sé thuas ansin

Tá sí thíos

Níl sé amuigh anseo

sa

sa ghairdín

agus

a Sheáin

fresin

ceart

ceart go leor

Are you there Sean?

Yes, I'm here in the garden

And is Máire there also?

She's not here, she's inside

She's not inside. Oh, yes, she's inside now, right enough

An bhfuil tú ansin, a Sheáin?

Tá, tá mé anseo sa ghairdín

Agus an bhfuil Máire ansin fresin?

Níl sí anseo, tá sí istigh

Níl sí istigh. Ó tá, tá sí istigh, ceart go leor

Ceacht 6

where?

the

where am I?

where are you?

where is he (it)?

where is she? (it)?

where is Seán?

where is the - ?

daddy

mammy

the man

the woman

the boy

the girl

Where is he at all?

Where are you now, Seán?

I am in here

cá?

an

cá bhfuil mé?

cá bhfuil tú?

cá bhfuil sé?

cá bhfuil sí?

cá bhfuil Seán?

ca bhfuil an - ?

daidí

mamáí

an fear

an bhean

an buachaill

an cailín

Cá bhfuil sé ar chor ar bith?

Cá bhfuil tú anois, a Sheáin?

Tá mé istigh anseo

Where is she now?

She's not outside here

She is outside in the garden, right enough

it is

is it?

no, it is not

in the kitchen

upstairs

Where's Seán?

He's out

Is mammy out also?

No, she's in

In the kitchen, is it?

No, she's upstairs

Cá bhfuil sí anois?

Níl sí amuigh anseo

Tá sí amuigh sa ghairdín, ceart go leor

sea

an ea?

ní hea

sa chistin

thuas (an) staighre

Cá bhfuil Seán?

Tá sé amuigh

An bhfuil mamaí amuigh fresin?

Níl, tá sí istigh

Sa chistin, an ea?

Ní hea, tá sí thuas (an) staighre

Ceacht 7

at home

in the house

in the bed

in the room

in the school

at school (attending)

Is daddy at home?

The girl is not in the kitchen now

sa bhaile

sa teach

sa leaba

sa seomra

sa scoil

ar scoil

An bhfuil daidáí sa bhaile?

Níl an cailín sa chistin anois

The big boy is in the school
 Mammy is in bed
 Is the fat man in the house?
 The woman is not in the little room
 good enough
 bad enough
 good-bye (said by one going away
 from listener)
 a reply to slán agat
 Good day Seán, is daddy at home?
 No, he's out
 Is mammy in?
 Mammy isn't well. She's in bed
 Bad enough. Good-bye
 Good bye

Tá an buachaill mór sa scoil
 Tá mamaí sa leaba
 An bhfuil an fear ramhar sa teach?
 Níl an bhean sa seomra beag
 maith go leor
 dona go leor
 slán agat
 slán leat
 Dia duit, a Sheáin, an bhfuil daidí sa
 bhaile?
 Níl, tá sé amuigh
 An bhfuil mamaí istigh?
 Níl mamaí go maith. Tá sí sa leaba
 Dona go leor. Slán agat
 Slán leat

Ceacht 8

one, any
 a person
 any person, anyone
 a thing
 anything
 in the bus
 in the car
 in the boat

aon
 duine
 aon duine
 rud
 aon rud
 sa bhus
 sa charr
 sa bhád

in the train	sa traein
in the station	sa stáisiún
in the box	sa bhosca
Is anyone in the station now?	An bhfuil aon duine sa stáisiún anois?
There's a person in the car	Tá duine sa charr
There's no one in the bus	Níl aon duine sa bhus
Is there anything in the box?	An bhfuil aon rud sa bhosca?
There's nothing in the car	Níl aon rud sa charr
look!	féach!
Seán is at home	Tá Seán sa bhaile
good day (to more than one person)	Dia daoibh!
children (said when addressing them)	a leanaí
Oh look, the train is in the station	Ó féach, tá an traein sa stáisiún
Oh yes, but where's daddy?	Ó tá, ach cá bhfuil daidí?
Look, there he is!	Féach, tá sé ansin!
Good day children. Where's mammy with the car?	Dia daoibh, a leanaí. Cá bhfuil mamaí agus an carr?
Look, there she is, in the station	Féach, tá sí ansin, sa stáisiún
Oh yes, all right	Ó tá, maith go leor

Ceacht 9

at

at the door

at the fire

at the house

at the shop

at the school

at the chapel

the guard

the teacher

The guard is at the door

The guard is at the house

The guard is at the school

The guard is at the fire

The guard is at the shop

The guard is at the chapel

The sick boy is at the fire

Is the thin girl at the shop?

The teacher isn't at the school

There's no one at the door

Is that thing at the house?

That woman is at the chapel

self

but, except

except yourself

ag

ag an doras

ag an tine

ag an teach

ag an siopa

ag an scoil

ag an séipéal

an garda

an múinteoir

Tá an garda ag an doras

Tá an garda ag an teach

Tá an garda ag an scoil

Tá an garda ag an tine

Tá an garda ag an siopa

Tá an garda ag an séipéal

Tá an buachaill tinn ag an tine

An bhfuil an cailín tanaí ag an siopa?

Níl an múinteoir ag an scoil

Níl aon duine ag an doras

An bhfuil an rud sin ag an teach?

Tá an bhean sin ag an séipéal

féin

ach

ach tú féin

she (emphatic)

sisé

other

eile

Good day, Seán, where is
mammy?

Dia duit, a Sheáin, cá bhfuil mamaí?

She's up at the chapel

Tá sí thuas ag an séipéal

And where's Máire?

Agus cá bhfuil Máire?

She's out also; she's down at the
shop

Tá sí amuigh freisin; tá sí thíos ag
an siopa

There's no one at home except
yourself?

Níl aon duine sa bhaile ach tú féin?

There's no one else here

Níl aon duine eile ann

Ceacht 10

her

a

her breakfast

a bricfeasta

at her meal

ag a béile

at her breakfast

ag a bricfeasta

at her lunch

ag a lón

at her dinner

ag a dinnéar

at her tea

ag a tae

at her supper

ag a suipéar

the child

an leanbh

the children

na leanaí

She is at her meal

Tá sí ag a béile

She is at her lunch

Tá sí ag a lón

She's at her tea

Tá sí ag a tae

She's at her breakfast

Tá sí ag a bricfeasta

She's at her dinner

Tá sí ag a dinnéar

She's at her supper

Tá sí ag a suipéar

Are the children at the shop now?

An bhfuil na leanaí ag an siopa
anois?

There's no one at the house

Níl aon duine ag an teach

I'm at the door

Tá mé ag an doras

Is the girl at her tea?

An bhfuil an cailín ag a tae?

The teacher is at her supper

Tá an múinteoir ag a suipéar

The children are not at the station
their

Níl na leanaí ag an stáisiún
a

their lunch

a lón

all

go léir

yet

fós

Where are the other children
Seán?

Cá bhfuil na leanaí eile, a Sheáin?

They are all in the school. They're
at their lunch

Tá siad go léir sa scoil. Tá siad ag a
lón

And where is the teacher?

Agus cá bhfuil an múinteoir?

She's in the house. She's at her
dinner

Tá sise sa teach. Tá sí ag a dinnéar

Is Máire at her lunch still?

An bhfuil Máire ag a lón fós?

Yes. She's in the school

Tá. Tá sí istigh sa scoil

Ceacht 11

who?

cé?

who is?

cé atá?

Who's there?

Cé atá ann?

Who is up?

Who is at the house?

Who's in?

Who's ill?

Who's home?

Who is in the car?

Who is at the fire?

Who is upstairs?

Who is cold now?

Who is outside there?

Who is there at the door?

with

with Brídín

in with you

crying

so, therefore

Where are you Seán?

I'm here at the door

Who's in with Brídín?

There's no one in now

In with you so; she's crying

Cé atá thuas?

Cé atá ag an teach?

Cé atá istigh?

Cé atá tinn?

Cé atá sa bhaile?

Cé atá sa charr?

Cé atá ag an tine?

Cé atá thuas an staighre?

Cé atá fuar anois?

Cé atá amuigh ansin?

Cé atá ansin ag an doras?

le

le Brídín

isteach leat

an caoineadh

mar sin

Cá bhfuil tú, a Sheáin?

Tá mé anseo ag an doras

Cé atá istigh le Brídín?

Níl aon duine istigh anois

Isteach leat, mar sin; tá sí ag caoineadh

Ceacht 12

on

the table

on the table

the bread

the butter

the water

the milk

the tea

the sugar

The bread is on the table

The water is on the table

The tea is on the table

The butter is on the table

The milk is on the table

The sugar is on the table

Is the milk on the table yet?

There's no bread on the table now

They're on the table, look

That dirty thing is on the box

There's no one on the bus

Who's on the stairs now?

every

everything

ar

an bord

ar an mbord

an t-arán

an t-im

an t-uisce

an bainne

an tae

an siúcra

Tá an t-arán ar an mbord

Tá an uisce ar an mbord

Tá an tae ar an mbord

Tá an t-im ar an mbord

Tá an bainne ar an mbord

Tá an siúcra ar an mbord

An bhfuil an bainne ar an mbord fós?

Níl aon arán ar an mbord anois

Tá siad ar an mbord, féach

Tá an rud salach sin ar an mbosca

Níl aon duine ar an mbus

Cé atá ar an staighre anois?

gach

gach rud

a jug	crúiscín
in the jug	sa chrúiscín
I don't know	Níl a fhios agam
certainly	cinnte
a plate	pláta
on the plate	ar an bpláta
mammy (said when addressing her)	a mhamaí
Is everything on the table now, mammy?	An bhfuil gach rud ar an mbord anois, a mhamaí?
I don't know. Is there milk in the jug?	Níl a fhios agam. An bhfuil bainne sa chrúiscín?
Yes, and there's bread on the plate	Tá, agus tá arán ar an bpláta
Is the butter there?	An bhfuil an t-im ann?
Yes, certainly, it's on the plate	Tá, cinnte, tá sé ar an bpláta
You're very good. Yes, everything is on the table now	Tá tú go han-mhaith. Is ea, tá gach rud ar an mbord anois

Ceacht 13

isn't? aren't?	nach bhfuil?
isn't he?	nach bhfuil sé?
aren't they?	nach bhfuil siad?
on the street	ar an tsráid
on the road	ar an mbóthar
on the bus	ar an mbus
on the lorry	ar an leoraí
on the train	ar an traein

on the aeroplane

Isn't he on the street?

Isn't he on the bus?

Isn't he on the train?

Isn't he on the road?

Isn't he on the aeroplane?

Isn't daddy on the train?

No, he's on the bus

Isn't the bread on the table?

No, it's in the box

No, it's in the box

She is at her dinner

it

I see it

I don't see it

thank you

the paper

Is the paper here mammy?

Isn't it there on the table?

It's not here, I don't see it

Look, it's there, on the table at the door

Oh yes, I see it now. Thanks

ar an eitleán

Nach bhfuil sé ar an tsráid?

Nach bhfuil sé ar an mbus?

Nach bhfuil sé ar an traein?

Nach bhfuil sé ar an mbóthar?

Nach bhfuil sé ar an eitleán?

Nach bhfuil daidí ar an traein?

Níl, tá sé ar an mbus

Nach bhfuil an t-arán ar an mbord?

Níl, tá sé sa bhosca

An bhfuil sí ag a dinneár?

Tá sí ag a dinneár

é

feicim é

ní fheicim é

go raibh maith agat

an páipéar

An bhfuil an páipéar anseo, a mhamáí?

Nach bhfuil sé ansin ar an mbord?

Níl sé anseo, ní fheicim é

Féach, tá sé ansin, ar an mbord ag an doras

Ó tá, feicim é anois. Go raibh maith agat

Ceacht 14

she, it

sí

she is, it is

tá sí

she is not

níl sí

is she?

an bhfuil sí?

isn't she?

nach bhfuil sí?

coming

ag teacht

dancing

ag damsha

talking

ag caint

listening

ag éisteacht

working

ag obair

learning

ag foghlaim

She is coming

Tá sí ag teacht

She is talking

Tá sí ag caint

She is working

Tá sí ag obair

She is dancing

Tá sí ag damsha

She is listening

Tá sí ag éisteacht

She is learning

Tá sí ag foghlaim

Who is coming?

Cé atá ag teacht?

No one is listening

Níl aon duine ag éisteacht

Aren't they working?

Nach bhfuil siad ag obair?

Seán is learning

Tá Seán ag foghlaim

Are you talking?

An bhfuil tú ag caint?

The fat girl is dancing

Tá an cailín ramhar ag damsha

why?

cén fáth?

yet

learning to dance

right

right enough

Good day mammy

Good day Seán. Is Máire coming?

She's not coming yet, she's in the school

Why?

They are learning to dance

Oh indeed! right enough

fós

ag foghlaim damsha

ceart

ceart go leor

Dia duit, a mhamáí

Dia's Muire duit, a Sheáin. An bhfuil Máire ag teacht?

Níl sí ag teacht fós, tá sí sa scoil

Cén fáth?

Tá siad ag foghlaim damsha

Oh maise! ceart go leor

Ceacht 15

is he?

isn't he?

where is he?

the knife

the fork

the spoon

the plate

the cup

the saucer

Where is the knife?

Where is the fork?

Where is the spoon?

an bhfuil sé?

nach bhfuil sé?

cá bhfuil sé?

an scian

an forc

an spúnóg

an pláta

an cupán

an fochupán

Cá bhfuil an scian?

Cá bhfuil an forc?

Cá bhfuil an spúnóg?

Where is the plate?	Cá bhfuil an pláta?
Where is the cup?	Cá bhfuil an cupán?
Where is the saucer?	Cá bhfuil an fochupán?
Is the knife on the table?	An bhfuil an scian ar an mbord?
Isn't there a clean fork in the box?	Nach bhfuil forc glan sa bhosca?
There's a dirty cup and saucer on the table	Tá cupán agus fochupán salach ar an mbord
Is there a spoon in the sugar?	An bhfuil spúnóg sa siúcra?
There's no tea in that cup	Níl aon tae sa chupán sin
Isn't there milk in that tea?	Nach bhfuil bainne ar an tae sin?
that	sin
in the cup	sa chupán
I beg your pardon	gabh mo leithscéal
good girl	maith an cailín
good boy	maith an buachaill
Look Seán, the spoon is in the cup	Féach a Sheáin, tá an spúnóg sa cupán
Oh it is, I beg your pardon	Ó tá, gabh mo leithscéal
Good boy	Maith an buachaill
Amn't I good also, mammy?	Nach bhfuil mise go maith freisin, a mhamái?
You're wonderful, but where's that knife?	Tá tú go hiontach, ach cá bhfuil an scian sin?
Oh, it's on the table. Now isn't it right?	Ó tá sí ar an mbord. Anois nach bhfuil sí ceart?
Yes, Good girl, Máire	Tá. Maith an cailín, a Mháire

Ceacht 16

was, were

bhí

he was

bhí sé

they were

bhí siad

eating

ag ithe

drinking

ag ól

going off

ag imeacht

waiting

ag fanacht

running

ag rith

playing

ag imirt

He was eating

Bhí sé ag ithe

He was drinking

Bhí sé ag ól

He was going off

Bhí sé ag imeacht

He was staying

Bhí sé ag fanacht

He was running

Bhí sé ag rith

He was playing

Bhí sé ag imirt

They were drinking the tea

Bhí siad ag ól an tae

You were running on the dirty road

Bhí tú ag rith ar an mbóthar salach

You were eating sugar?

Bhí tú ag ithe siúcra?

Who was working here?

Cé a bhí ag obair anseo?

The teacher was listening

Bhí an múinteoir ag éisteacht

Máire was learning at home

Bhí Máire ag foghlaim sa bhaile

here!

seo!

ready

réidh

after me

i mo dhiaidh

probably

you're welcome

You are welcome Máire. Seán isn't here yet

He is coming, right enough

He's playing, probably

He's not, because he was running after me

I see him coming now

Good. Here, dinner's ready

Thank you mammy

is dócha

fáilte romhat

Fáilte romhat, a Mháire. Níl Seán anseo fós

Tá sé ag teacht, ceart go leor

Tá sé ag imirt, is dócha

Níl, mar bhí sé ag rith i mo dhiaidh

Feicim ag teacht anois é

Go maith. Seo, tá an dinnéar réidh

Go raibh maith agat, a mhamaí

Ceacht 17

was not, were not

he wasn't

they weren't

the (plural)

the boys

the girls

the children

na gardaí

the teachers

the things

those things

The boys were on the road

ní raibh

ní raibh sé

ní raibh siad

na

na buachaillí

na cailíní

na leanaí

the guards

na múinteoirí

na rudaí

na rudaí sin

Bhí na buachaillí ar an mbóthar

The girls were not at home
The guards were not at the house
Weren't the teachers in the school?
Are those things in the box?
with
at school
in the school
today
yesterday
bold
a bold boy
speaking to
daddy (said when addressing him)
The guards were in the school
today, daddy
They weren't! Why?
I don't know, but they were
speaking to the teachers, and to a
boy also
A bold boy, I suppose?
He wasn't at school yesterday
Ah! That's it, he wasn't at school.
He was bold

Ní raibh na cailíní sa bhaile
Ní raibh na gardaí ag an teach
Nach raibh na múinteoirí sa scoil?
An bhfuil na rudaí sin sa bhosca?
leis
ar scoil
sa scoil
inniu
inné
dána
buachaill dána
ag caint le
a dhaidí
Bhí na gardaí sa scoil inniu, a dhaidí
Ní raibh siad! Cén fáth?
Níl a fhios agam, ach bhí siad ag
caint leis na múinteoirí, agus le
buachaill freisin
Buachaill dána, is dócha?
Ní raibh sé ar scoil inné
Á-á! Sin é, ní raibh sé ar scoil inné.
Bhí sé dána

Ceacht 18

in

was he, it?

were they?

in a bus

in a train

in a boat

in a ship

in an aeroplane

in a car

ever, never

last night

Was he ever in a ship?

Was he ever in an aeroplane?

Were they in a bus on the road?

The priest was in a car

Those girls were never in a train

Were the children at the chapel?

They were at school, I suppose?

Were you dancing last night?

surely, certainly

a couple

a couple of others

any other person

i

in

an raibh sé?

an raibh siad?

i mbus

i dtraein

i mbád

i long

in eitleán

i gcarr

riamh

aréir

An raibh sé i long riamh?

An raibh sé in eitleán riamh?

An raibh siad i mbus ar an mbóthar?

Bhí an sagart i gcarr

Ní raibh na cailíní sin i dtraein riamh

An raibh na leanaí ag an séipéal?

Bhí siad ar scoil, is dócha?

An raibh tú ag damhsa aréir?

cinnte

cúpla

cúpla duine eile

aon duine eile

because

also

here's the bread

Here's the bread mammy

Thank you. Was Cáit in the shop?

She was indeed

Was there anyone else there?

Máire was working in the shop
also, and there were a couple of
other people there

Is Cáit all right again?

She is, probably, because she was
working

mar

freisin

seo an t-arán

Seo an t-arán, a mhamáí

Go raibh maith agat. An raibh Cáit
sa siopa?

Bhí, cinnte

An raibh aon duine eile ann?

Bhí Máire ag obair sa siopa freisin,
agus bhí cúpla duine eile ann

An bhfuil Cáit go maith arís?

Tá, is dócha, mar bhí sí ag obair

Ceacht 19

there

wasn't he?

where was he?

the cat

the dog

the cow

the horse

the donkey

the sheep

Wasn't the dog there?

ann

nach raibh sé?

cá raibh sé?

an cat

an madra

an bhó

an capall

an t-asal

an chaora

Nach raibh an madra ann?

She was in another house

Wasn't that weak sheep eating?

Where was the horse working
yesterday?

The donkey was waiting at the
door

Wasn't the teacher coming in the
car?

Where was the cow today?

very long

a long time

a couple of minutes

many people

waiting for you

I knew (you) were

playing

You were very long, Máire. Where
were you?

I was in the shop

I know, but you were very long

There were many people there

You were playing on the road
probably

I was, for a few minutes

I knew you were. I was waiting for
you

Bhí sí i dteach eile

Nach raibh an chaora lag sin ag
ithe?

Cá raibh an capall ag obair inné?

Bhí an t-asal ag fanacht ag an doras

Nach raibh an múinteoir ag teacht
sa charr?

Cá raibh an bhó inniu?

an-fhada

i bhfad

cúpla nóiméad

a lán duine

ag fanacht leat

Bhí a fhios agam go raibh

ag súgradh

Bhí tú i bhfad, a Mháire. Cá raibh
tú?

Bhí mé sa siopa

Tá a fhios agam, ach bhí tú an-
fhada

Bhí a lán daoine ann

Bhí tú ag súgradh ar an mbóthar, is
dócha

Bhí, cúpla noiméad

Bhí a fhios agam go raibh. Bhí mise
ag fanacht leat

Ceacht 20

a clock

what time is it?

one o'clock

one

two

three

four

five

six

What time is it now Máire?

It's not one o'clock yet

What time was he here last night?

He was there at six o'clock

Wasn't he there at five?

Where were you at two o'clock today?

here you are

many people

full

You're welcome Pádraig. You're late today

Am I now? What time is it?

It's six o'clock

The bus was slow, probably

Were there many on it?

clog

cén t-am é?

a haon a chlog

a haon

a dó

a trí

a ceathair

a cúig

a sé

Cén t-am é anois, a Mháire?

Níl sé a haon a chlog fós

Cén t-am a bhí sé anseo aréir?

Bhí sé ann ar a sé a chlog

Nach raibh sé ann ar a cúig?

Cá raibh tú ar a dó a chlog inniu?

seo duit

mórán daoine

lán

Fáilte romhat, a Phádraig. Tá tú mall inniu

An bhfuil anois? Cén t-am é?

Tá sé a sé a chlog

Bhí an bus mall, is dócha

An raibh mórán daoine ann?

Yes, indeed. It was full

Here's the tea, now

Thank you

Bhí, cinnte. Bhí sé lán

Seo duit an tae, anois

Go raibh maith agat

Ceacht 21

how much?

a shilling

sixpence

it costs a shilling

it cost a shilling

a penny

two pennies

three pennies

four pennies

five pennies

six pennies

one shilling, two shillings..

punt, two punts..

It was (cost) two punts

How much is butter today?

It costs five shillings now

Does that cost six pounds?

No, it costs five pounds and five shillings

The tea cost four and six

cá mhéad?

scilling

réal

tá scilling air

bhí scilling air

pingin

dhá phingin

trí phingin

ceithre phingin

cúig phingin

sé phingin

scilling, dhá scilling..

punt, dhá phunt...

Bhí dhá phunt air

Cá mhéad atá ar an im inniu?

Tá cuig scilling air anois

An bhfuil sé phunt air sin?

Níl, tá cúig phunt agus cúig scilling air

Bhí ceithre scilling agus réal ar an

Didn't it cost sixpence mammy?

that's all

anything else

please

Good day Nora

Good day. How much is butter today?

Four shillings and sixpence a pound

Two pounds please

Anything else now?

Four pounds of sugar also. That's all

Thank you. Good-bye now

Good-bye

tae

Nach raibh réal air, a mhamáí

sin an méid

aon rud eile

más é do thoil é

Dia duit a Nóra

Dia's Muire duit. Cá mhéad atá ar an im inniu?

Ceithre scilling agus sé phingin an punt

Dhá phunt, más é do thoil é

Aon rud eile anois?

Ceithre phunt siúcra freisin. Sin an méid

Go raibh maith agat. Slán leat anois

Slán agat

Ceacht 22

it

is it a - ?

a dress

a hat

a coat

a stocking

a trousers

é
í

an - é?

gúna

hata

cóta

stoca

bríste

a cap

new

Is that a new dress? It is

Is that a good boy?

Is that a clean cup?

Is it a slow train?

Is she a new teacher?

Is it a good day?

Is that hot water in the cup?

nice

beautiful

may you live to wear it!

You are beautiful today Cáit

Why, Nóra?

That nice dress. Is it a new dress?

No indeed, that's old now

And the hat, that's nice also

The hat is new all right

Well may you wear it, it is very
nice

caipín

nua

An gúna nua é? Is ea

An buachaill maith é sin?

An cupán glan é sin?

An traein mhall í?

An múinteoir nua í sin?

An lá maith é?

An uisce te é sin sa chupán?

deas

go hálainn

go maire tú é!

Tá tú go hálainn inniu, a Cháit

Cén fáth, a Nóra?

An gúna deas sin. An gúna nua é?

Ní hea, maise, tá sé sin sean anois

Agus an hata, tá sé go deas freisin

Tá an hata nua, ceart go leor

Go maire tú é, tá sé go han-deas

Ceacht 23

in

out

home, homewards

isteach

amach

abhaile

he went off	d'imigh sé
he came	tháinig sé
he ran	rith sé
he walked	shiúil sé
he leaped	léim sé
he fell	thit sé
He came in	Tháinig sé isteach
He went in	D'imigh sé isteach
He ran in	Rith sé isteach
He walked in	Shiúil sé isteach
He jumped in	Léim sé isteach
He fell in	Thit sé isteach
Daddy went out	D'imigh daidí amach
The children came home	Tháinig na leanaí abhaile
The dirty dog ran into the house	Rith an madra salach isteach sa teach
The man walked out here	Shiúil an fear amach anseo
I fell into water	Thit mé isteach in uisce
The cat leaped on the table	Léim an cat ar an mbord
since	ó shin
where?	cén áit?
to, until	go dtí
she (emphatic)	sise
either	ach oiread
is it?	an ea?
a couple of minutes since	cúpla nóiméad ó shin

Where's daddy?

He went off a couple of minutes ago

Where?

I don't know. He's in the garden probably

Isn't Máire here either?

She ran out also

To daddy, is it?

Yes, probably

Cá bhfuil daidí?

D'imigh sé amach cúpla nóiméad ó shin

Cén áit?

Níl a fhios agam. Tá sé sa ghairdín, is dócha

Nach bhfuil Máire anseo ach oiread?

Rith sise amach freisin

Go dtí daidí, an ea?

Is ea, is dócha

Ceacht 24

to negative a verb..

he didn't go off

he didn't come

he didn't run

he didn't walk

he didn't leap

he didn't fall

He didn't go in either

He didn't come to school today

Seán didn't run to the shop

She didn't walk home

The dog didn't jump into the clean water

The boy didn't fall on the road

níor

níor imigh sé

níor tháinig sé

níor rith sé

níor shiúil sé

níor léim sé

níor thit sé

Níor imigh sé isteach ach oiread

Níor tháinig sé ar scoil inniu

Níor rith Seán go dtí an siopa

Níor shiúil sí abhaile

Níor léim an madra isteach san uisce glan

Níor thit an buachaill ar an mbóthar

tonight

ill, sick

tired

early

to bed, to sleep

he went off with himself

Seán didn't come home yet?

He did, but he went off to bed

Is he sick?

No, indeed, but he was tired

And where's Máire?

She went to bed also

They all went off early tonight

anocht

tinn

tuirseach

go luath

chodladh

d'imigh sé leis

Níor tháinig Seán abhaile fós?

Tháinig, ach d'imigh sé leis a chodladh

An bhfuil sé tinn?

Níl, maise, ach bhí sé tuirseach

Agus cá bhfuil Máire?

D'imigh sise a chodladh freisin

D'imigh siad go luath anocht

Ceacht 25

what time did he come?

he came at seven o'clock

eight o'clock

nine o'clock

ten o'clock

eleven o'clock

twelve o'clock

What time did you come home yesterday?

cén t-am ar tháinig sé?

tháinig sé ar a seacht a chlog

a hocht a chlog

a naoi a chlog

a deich a chlog

a haon déag a chlog

a dhó dhéag a chlog

Cén t-am ar tháinig tú abhaile inné?

The girls came here at eight o'clock

He went off out at ten o'clock

He was drinking at eleven o'clock

Were you waiting until seven o'clock?

last night

after

early, fast

nor

(it) was not

Where were you last night, Seán?

Ah, I was out there

You were late coming in

No, I came in after ten

After ten! I went to bed at eleven

The clock was fast, I suppose

It wasn't fast at all, indeed

Tháinig na cailíní anseo ar a hocht a chlog

D'imigh sé amach ar a deich a chlog

Bhí sé ag ól ar a haon déag a chlog

An raibh tú ag fanacht go dtí a seacht a chlog?

aréir

tar éis

luath

ná

ní raibh

Cá raibh tú aréir, a Sheáin?

Á, bhí mé amuigh ansin

Bhí tú mall ag teacht isteach

Ní raibh. Tháinig mé isteach tar éis a deich

Tar éis a deich! D'imigh mise a chodlagh ar a haon déag

Bhí an clog luath, is dócha

Ní raibh ná luath, maise

Ceacht 26

asks a simple question

asks a negative question

did he go?

did he come?

did he run?

ar

nár

ar imigh sé?

ar tháinig sé?

ar rith sé?

didn't he walk?

didn't he jump?

didn't he fall?

Has he gone yet?

Is he walking yet?

Didn't the boys go off home?

Did the girls come to school?

They didn't run into the house

The priest walked up the chapel

Didn't the cat jump into that box?

Did the cap fall into the water?

if

God save all here!

tonight

a pint

if you please, please

God save all here!

God save you kindly, Pádraig

Didn't Míchaél come yet?

No, isn't he late tonight?

Yes, indeed. Wasn't it a good day?

It was beautiful, thank God

A pint, please

Right

nár shiúil sé?

nár léim sé?

nár thit sé?

Ar imigh sé fós?

Ar shiúil sé fós?

Nár imigh na buachaillí abhaile?

Ar tháinig na cailíni ar scoil?

Níor rith siad isteach sa teach

Shiúil an sagart suas an séipéal

Nár léim an cat isteach sa bhosca sin?

Ar thit an caipín síos in uisce?

má

Dia anseo isteach!

anocht

pionta

más é do thoil é

Dia anseo isteach!

Dia's Muire duit, a Phádraig

Nár tháinig Mícheál fós?

Níor tháinig; nach bhfuil sé mall anocht?

Tá, cinnte. Nach raibh an lá go maith?

Bhí sé go hálainn, buíochas le Dia

Pionta, más é do thoil é

Ceart go leor

Ceacht 27

the lesson

the lessons

the boy said

the boy did

the boy got

the teacher saw

the teacher gave

the teacher heard

The teacher gave the lessons and
the boy did the lessons

The teacher listened to the lessons

Mammy made the tea at four
o'clock

The boys heard the teacher coming

I got the new coat yesterday

The priest said that in the school

The guard saw Seán on the bicycle

The teacher gave five shillings

for you

paper

back

long

ice-cream

here you are

an ceacht

na ceachtanna

dúirt an buachaill

rinne an buachaill

fuair an buachaill

chonaic an múinteoir

thug an múinteoir

d'éist an múinteoir le

Thug an múinteoir na ceachtanna
agus rinne an buachaill na
ceachtanna

D'éist an múinteoir leis na
ceachtanna

Rinne mamaí an tae ar a ceathair a
chlog

Chuala na buachaillí an múinteoir ag
teacht

Fuair mé an cóta nua inné

Dúirt an sagart é sin sa scoil

Chonaic an garda Seán ar an rothar

Thug an múinteoir cúig scilling

duit

páipéar

ar ais

i bhfad

uachtar reoite

seo duit

here it is

here are the six pennies

I got the paper for you daddy.
Here you are

You weren't long

I ran to the shop and back

You are a very good boy. You got
an ice-cream, I suppose?

I did certainly. Here's your
sixpence

Right. Thanks

Don't mention it

seo duit é

seo duit na sé phingin

Fuair mé an páipéar duit, a dhaidí.
Seo duit é

Ní raibh tú i bhfad

Rith mé go dtí an siopa agus ar ais

Buachaill an-mhaith thú. Fuair tú
uachtar reoite, is dócha?

Fuair, cinnte. Seo duit na sé phingin

Ceart go leor. Go raibh maith agat

Fáilte romhat

Ceacht 28

(negatives a verb)

it

that

I didn't say

I didn't do

I didn't get

I didn't see

I didn't give

I didn't hear

I didn't say that

I didn't get that

I didn't do that

He didn't do that lesson yet

ní níor

é

é sin

ní dúirt mé

ní dhearna mé

ní bhfuair mé

ní fhaca mé

níor thug mé

níor chuala mé

Ní dúirt mé é sin

Ní bhfuair mé é sin

Ní dhearna mé é sin

Ní dhearna sé an ceacht sin fós

Daddy heard you and Bríd talking

The children got ice cream

No one saw the guard coming

I gave only three shillings yet

Tomás didn't say that lesson

my

your

my pipe

your pocket

I (emphatic)

there

in the hall

No one saw my pipe?

Isn't it in your pocket?

No, indeed

I saw it. It was on the table in the hall

Good boy Seán. Is it there now?

It was still on the table. Here you are

Great! Thank you

Chuala daidí thusa agus Bríd ag caint

Fuair na leanaí uachtar reoite

Ní fhaca aon duine an garda ag teacht

Níor thug mé ach trí scilling fós

Ní dúirt Tomás an ceacht sin

mo

do *(one person)*

mo phíopa

do phóca

mise

ansin

sa halla

Ní fhaca aon duine mo phíopa?

Nach bhfuil sé in do phóca?

Níl, maise

Chonaic mise é. Bhí sé ar an mbord sa halla

Maith an buachaill, a Sheáin. An bhfuil sé ansin anois?

Bhí sé ar an mbord fós. Seo duit é

Go hiontach! Go raibh maith agat

Ceacht 29

all

enough

all the lessons

did X say?

did X do?

did X get?

did X see?

did X give?

did X hear / listen to?

share, portion, some

any

Did the boys say all the lessons?

Did the boys do all the lessons?

Did the boys get all the lessons?

Did the teacher see all the lessons?

Did the teacher give all the lessons?

Did the teacher hear all the lessons?

Did you say that to daddy?

Did anyone see the dog tonight?

Did you make the tea yet, Máire?

go léir

go leor

na ceachtanna go léir

an ndúirt X?

an ndearna X?

an bhfuair X?

an bhfaca X?

ar thug X?

ar éist X le?

cuid

aon chuid

An ndúirt na buachaillí na ceachtanna go léir?

An ndearna na buachaillí na ceachtanna go léir?

An bhfuair na buachaillí na ceachtanna go léir?

An bhfaca an múinteoir na ceachtanna go léir?

Ar thug an múinteoir na ceachtanna go léir?

Ar éist an múinteoir na ceachtanna go léir?

An ndúirt tú é sin le daidí?

An bhfaca aon duine an madra anocht?

An ndearna tú an tae fós, a Mháire?

He didn't give any yet
I got the whole thing in the garden
Did you hear the car coming?
some
some person, someone
last night
this morning
above
the storm
harm
a tree
with me
he told me

Good day Cáit. Did you hear the storm last night?

No, I went to bed early

It was very bad

Did it do any harm up there?

No, thank God, but a tree fell on the road at the chapel

I saw that. I was up there this morning

I didn't see it myself, but someone told me about it

Níor thug sé aon chuid fós
Fuair mé an rud go léir sa ghairdín
Ar chuala tú an carr ag teacht?
éigin
duine éigin
aréir
ar maidin
thuas
an stoirm
dochar
crann
liom
dúirt sé liom

Dia duit, a Cháit. Ar chuala tú an stoirm aréir?

Níor chuala, d'imigh mé a chodladh go luath

Bhí sé go han-dona

An ndearna sé aon dochar thuas ansin?

Ní dhearna, buíochas le Dia, ach thit crann ar an mbóthar ag an séipéal

Chonaic mé sin. Bhí mé thuas ansin ar maidin

Ní fhaca mé féin é, ach dúirt duine éigin liom é

Ceacht 30

on it, for it

how much did you give for it?

I gave sevenpence for it

sevenpence

eightpence

ninepence

tenpence

elevenpence

twelvepence

seven pounds

eleven pounds

seven shillings

eleven shillings

The man got £10 for the bicycle

I gave only £7 for it

They didn't get the nine pounds yet

Where did the children get the tenpence?

She said it cost twelve pounds

I got eight shillings in that pocket

I think

altogether

it is

air

cá mhéad a thug tú air?

thug mé seacht bpingin air

seacht bpingin

ocht bpingin

naoi bpingin

deich bpingin

aon phingin déag

dhá phingin déag

seacht bpunt

aon phunt déag

seacht scilling

aon scilling déag

Fuair an fear deich bpunt ar an rothar

Níor thug mé ach seacht bpunt air

Ní bhfuair siad na naoi bpunt fós

Cá bhfuair na leanaí na deich bpingin?

Dúirt sí go raibh dhá phunt déag air

Fuair mé ocht scilling sa phóca sin

sílim

ar fad

atá ann

colour

indeed

cheap

white

bawneen

a bawneen coat

Máirín got a new coat

Did she now? How much did she pay for it?

Ten pounds, I think. It was cheap enough

It was indeed. This one cost twelve pounds

I saw it yesterday. It's very nice indeed

What colour is it?

White. It is a bawneen coat

dath

go deimhin

saor

bán

báinín

cóta báinín

Fuair Máirín cóta nua

An bhfuair anois? Cá mhéad a thug sí air?

Deich bpunt, sílim. Bhí sé saor go leor

Bhí go deimhin. Dhá phunt déag a bhí ar an gcóta seo

Chonaic mé inné é. Tá sé go han-deas ar fad

Cén dath atá air?

Dath bán. Cóta báinín atá ann

Ceacht 31

did they go?

they didn't go

they went

up

down

out

in

an ndeachaigh siad?

ní dheachaigh siad

chuaigh siad

suas

síos

amach

isteach

to school	ar scoil
to Mass	ar Aifreann
They went up	Chuaigh siad suas
They went down	Chuaigh siad síos
They went out	Chuaigh siad amach
They went in	Chuaigh siad isteach
They went to school	Chuaigh siad ar scoil
They went to Mass	Chuaigh siad ar Aifreann
Did daddy go to Mass yet?	An ndeachaigh daidí ar Aifreann fós?
I saw Páid going to school	Chonaic mé Páid ag dul ar scoil
The boys went home at six o'clock	Chuaigh na buachaillí abhaile ar a sé a chlog
No one went in yet	Ní dheachaigh aon duine isteach fós
Did the dog go out on the road?	An ndeachaigh an madra amach ar an mbóthar?
The boys went down the garden	Chuaigh na buachaillí síos an gairdín
here !	seo !
a stamp	stampa
a fivepenny stamp	stampa chúig phingin
the postman	fear an phoist
here's ten shillings	seo deich scilling
change	briseadh
ninepence change	naoi bpingin de bhriseadh
Did the postman go yet?	Ar imigh fear an phoist fós?
No, it's not four o'clock yet	Níor imigh, níl sé a ceathair a chlog fós
Good, three fivepenny stamps	Go maith, trí stampa chúig phingin,

please

One and threepence please

Here are ten shillings

Eight and ninepence change

Thank you

más é do thoil é

Scilling agus trí phingin, más é do thoil é

Seo deich scilling

Ocht scilling agus naoi bpingin de bhriseadh

Go raibh maith agat

Ceacht 32

did you put?

I put

I didn't put

the milk

the sugar

the jam

the bread

the butter

the water

Did you put the milk on the box?

Did you put the sugar on the box?

Did you put the jam on the box?

Did you put the bread on the box?

Did you put the butter on the box?

Did you put the water on the box?

He didn't put in the bicycle

Did daddy put in the car?

ar chuir tú?

chuir mé

níor chuir mé

an bainne

an siúcra

an tsubh

an t-arán

an t-im

an t-uisce

Ar chuir tú an bainne ar an mbosca?

Ar chuir tú an siúcra ar an mbosca?

Ar chuir tú an tsubh ar an mbosca?

Ar chuir tú an t-arán ar an mbosca?

Ar chuir tú an t-im ar an mbosca?

Ar chuir tú an t-uisce ar an mbosca?

Níor chuir sé isteach an rothar

Ar chuir daidí isteach an carr?

Mammy put the child up
 She put everything in the car
 Did anyone put the cat out?
 You didn't put it in
 to the, for the
 bedtime
 late enough
 for the cat
 up with you
 it's only ten o'clock
 Bedtime now Máire!
 Ah, mammy, it's only ten yet
 It's late enough. Did you put in
 your bicycle?
 Yes, and the dog is in also
 Good girl. Did you give milk to the
 cat?
 I did, and then I put him out
 You're very good altogether. Up
 with you now!

Ceacht 33

on him
 he put on (him)
 he threw on (him)
 he left on (him)

Chuir mamaí suas an leanbh
 Chuir sí gach rud sa charr
 Ar chuir aon duine amach an cat?
 Níor chuir tú isteach é
 don
 am codlata
 mall go leor
 don chat
 suas leat
 níl sé ach a deich a chlog
 Am codlata anois, a Mháire!
 Á, a mhamaí, níl sé ach a deich fós
 Tá sé mall go leor. Ar chuir tú
 isteach do rothar?
 Chuir, agus tá an madra istigh
 freisin
 Maith an cailín. Ar thug tú bainne
 don chat?
 Thug, agus chuir mé amach ansin é
 Tá tú an-mhaith ar fad. Suas leat
 anois!

air
 chuir sé air
 chaith sé air
 d'fhág sé air

his	a
his shirt	a léine
his stockings	a stocaí
his shoes	a bhróga
his trousers	a bhríste
his coat	a chóta
his cap	a chaipín
He put his shirt on	Chuir sé air a léine
He put his socks on	Chuir sé air a stocaí
He put his shoes on	Chuir sé air a bhróga
He put on his trousers	Chuir sé air a bhríste
He put on his coat	Chuir sé air a chóta
He put on his cap	Chuir sé air a chaipín
He left his cap on	D'fhág sé air a chaipín
Did Seán put on his overcoat?	Ar chuir Seán air a chóta mór?
Daddy didn't put on his good shirt	Níor chuir daidí air a léine mhaith
He threw on his shirt and trousers	Chaith sé air a léine agus a bhríste
He threw his boots in the hall	Chaith sé a bhróga sa halla
He didn't leave on his new shoes?	Níor fhág sé air a bhróga nua?
with	le
with, with him	leis
whose is? who owns?	cé leis?
(it is) Seán's	le Seán
I don't know	níl a fhios agam
anyway	cibé ar bith

Who owns this coat?

Seán, he left it on the table

And he has no coat on now?

He has, he put on his new coat

And where did he go?

I don't know; he didn't say

He didn't put up this coat anyway

Cé leis an cóta seo?

Le Seán, d'fhág sé ar an mbord é

Agus nach bhfuil aon chóta air
anois?

Tá, chuir sé air a chóta nua

Agus cá ndeachaigh sé?

Níl a fhios agam; ní dúirt sé

Níor chuir sé suas an cóta seo, cibé
ar bith

Ceacht 34

I have X

I have no(t) X

money

a frock

a chair

tobacco

a cigarette

a match

I don't have money

I don't have a dress

I don't have a chair

I don't have tobacco

I don't have a cigarette

I don't have a match

I have a new frock

tá X agam

níl X agam

airgead

gúna

cathaoir

tobac

toitín

cipín

Níl airgead agam

Níl gúna agam

Níl cathaoir agam

Níl tobac agam

Níl toitín agam

Níl cipín agam

Tá gúna nua agam

I haven't a cigarette now

I haven't new shoes yet

I have £11 in the box

I know

I don't know

some

I don't see

some time ago

walking

one

I don't see Seán here. Where is he?

I don't know. He went out a while ago

On his bicycle, is it?

No, he was walking

I have no cigarettes

I have some, here's one

Thanks. That's fine

Níl aon toitín agam anois

Níl bróga nua agam fós

Tá aon phunt déag agam sa bhosca

Tá a fhios agam

Níl a fhios agam

cuid

ní fheicim

tamall ó shin

ag siúl

ceann

literally 'a head'

Ní fheicim Seán anseo. Cá bhfuil sé?

Níl a fhios agam. Chuaigh sé amach tamall ó shin

Ar a rothar, an ea?

Ní hea, bhí sé ag siúl

Níl aon toitín agam

Tá cuid agamsa, seo duit ceann

Go raibh maith agat. Tá sé sin go breá

Ceacht 35

did N give?

N didn't give

N gave

eleven pounds

ar thug N?

níor thug N

thug N

aon phunt déag

twelve pounds	dhá phunt déag
thirteen pounds	trí phunt déag
fourteen pounds	ceithre phunt déag
fifteen pounds	cúig phunt déag
sixteen pounds	sé phunt déag
eleven pence	aon phingin déag
eleven shillings	aon scilling déag
I only paid £11 for it	Níor thug mé ach aon phunt déag air
	<i>literally - I only put £11 on it</i>
I only paid £12 for it	Níor thug mé ach dhá phunt déag air
I only paid £13 for it	Níor thug mé ach trí phunt déag air
I only paid £14 for it	Níor thug mé ach ceithre phunt déag air
I only paid £15 for it	Níor thug mé ach cúig phunt déag air
I only paid £16 for it	Níor thug mé ach sé phunt déag air
Seán gave £15 for his new coat	Thug Seán cúig phunt déag ar a chóta nua
Did you pay much for the dress?	Ar thug tú mórán ar an ngúna?
He got £14 for it	Fuair sé ceithre phunt déag air
They paid a lot of money for the house	Thug siad airgead mór ar an teach
Where did he get the thirteen shillings?	Cá bhfuair sé na trí scilling déag?
Did he put the £12 on the table?	Ar chuir sé an dá phunt déag ar an mbord?
on you	ort

for me	dom
for you	duit
exactly right	díreach i gceart
do you think so?	an dóigh leat?
Byrne's shop	siopa Uí Bhroin
too big	rómhór
That's a nice coat on you Cáit	Cóta deas é sin ort, a Cháit
Do you think so? I only paid £10 for it	An dóigh leat? Níor thug mé ach deich bpunt air
Where did you get it?	Cá bhfuair tú é?
In Byrne's shop - a couple of days ago	I siopa Ui Bhroin - cúpla lá ó shin
It's a nice one, surely	Ceann deas é go deimhin
It's not too big for me?	Níl sé rómhór dom?
No, it's just right for you	Níl, tá sé díreach i gceart duit

Ceacht 36

I am able, I can	is féidir liom
I am not able, I cannot	ní féidir liom
to stay	fanacht
to go away	imeacht
to come	teacht
to drink	ól
to eat	ithe
to walk	siúl

I cannot stay	Ní féidir liom fanacht
I cannot go	Ní féidir liom imeacht
I cannot come	Ní féidir liom teacht
I cannot drink	Ní féidir liom ól
I cannot eat	Ní féidir liom ithe
I cannot walk	Ní féidir liom siúl
I cannot stay here now	Ní féidir liom fanacht anseo anois
I cannot go out there	Ní féidir liom dul amach ansin
I can walk down the road	Is féidir liom siúl síos an bóthar
I cannot play with Seán	Ní féidir liom imirt le Seán
I can run home	Is féidir liom rith abhaile
I cannot jump now	Ní féidir liom léim anois
what reason? why?	cén fáth?
tonight	anocht
today	inniu
what person? who?	cén duine?
a friend	cara
for a long time	le fada
that's a pity	is trua sin
an old friend	seanchara
do you know?	an bhfuil a fhios agat?
I don't see Mícheál here tonight	Ní fheicim Mícheál anseo anocht
I was speaking to him today. He can't come	Bhí mé ag caint leis inniu. Ní féidir leis teacht
Why?	Cén fáth?

Some friend of his is coming to the house tonight

Who, do you know?

Some old friend, he didn't see him for a long time

I understand; that's a pity

Tá cara éigin leis ag teacht go dtí an teach anocht

Cén duine, an bhfuil a fhios agat?

Seanchara éigin, ní fhaca sé le fada é

Tuigim; is trua sin

Ceacht 37

can you?

can't you?

to say it

to do it

to get it

to see it

to eat it

to drink it

Can't you say it?

Can't you do it?

Can't you get it?

Can't you see it?

Can't you eat it?

Can't you drink it?

I can't get (find) the paper

You can make the tea

I can't get my hat

an féidir leat?

nach féidir leat?

é a rá

é a dhéanamh

é a fháil

é a fheiceáil

é a ithe

é a ól

Nach féidir leat é a rá?

Nach féidir leat é a dhéanamh?

Nach féidir leat é a fháil?

Nach féidir leat é a fheiceáil?

Nach féidir leat é a ithe?

Nach féidir leat é a ól?

Ní féidir liom an páipéar a fháil

Is féidir leat an tae a dhéanamh

Ní féidir liom mo hata a fháil

Can't you drink milk?

Can you see anyone?

You can eat that bread

time, hour

when? what time?

once, one time

much

how?

for a year past

of course

Indeed Séamas, I don't know
when I saw you last!

I wasn't out much for the last year

You weren't well of course. How
are you now?

I'm well now, thank God

I saw you at Mass once, but I
wasn't talking to you

Yes, I'm able to go to Mass now

That's good

Nach féidir leat bainne a ól?

An féidir leat aon duine a fheiceáil?

Is féidir leat an t-arán sin a ithe

uair

cén uair?

uair amháin

mórán

cén chaoi?

le bliain

ar ndóigh

Maise, a Shéamais, níl a fhios agam
cén uair a chonaic mé thú!

Ní raibh mé amuigh mórán le bliain
anois

Ní raibh tú go maith, ar ndóigh. Cén
chaoi a bhfuil tú anois?

Tá mé go maith anois, buíochas le
Dia

Chonaic mé ar an Aifreann thú uair
amháin, ach ní raibh mé ag caint
leat

Is ea, is féidir liom dul ar an
Aifreann anois

Is maith sin

Ceacht 38

under	faoi
under the	faoin
the ball	an liathróid
the child	an leanbh
under the chair	faoi gcathaoir
under the dresser	faoin drisiúr
under the table	faoin mbord
under the stool	faoin stól
under the press	faoin gcófra
under the stairs	faoin staighre
he left	d'fhág sé
did you leave?	ar fhág tú?
